NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10601 – WARBURG PINCUS / OXFORD PROPERTIES / HALE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 69/13)

1. An 26 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Warburg Pincus LLC ("Warburg Pincus", na Stáit Aontaithe),

— Oxford Properties Asia Holdings I Pte. Ltd. ("Oxford Properties", Ceanada),

— Hale Capital Group Pty Ltd ("Hale", an Astráil).

Gheobhaidh Warburg Pincus agus Oxford Properties rialú comhpháirteach ar Hale de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— le haghaidh Warburg Pincus: gnólacht dhomhanda cothromais atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí tomhaltóirí, seirbhísí fuinnimh, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, seirbhísí tionsclaíocha agus seirbhísí gnó, réadmhaoin agus teicneolaíocht.

— le haghaidh Oxford Properties: úinéireacht, forbairt agus bainistiú sócmhainní réadmhaoine. Baineann Oxford Properties le brainse réadmhaoine OMERS Administration Corporation ("OMERS"), riarthóir Phríomhphlean Pinsin Chóras Scoir Fostaithe Bardasacha Ontario agus iontaobhaí na gcistí pinsin.

— le haghaidh Hale: forbairt agus bainistiú punainne infheistíochtaí réadmhaoine tionsclaíche i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

M.10601 – WARBURG PINCUS / OXFORD PROPERTIES / HALE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË